

C&F - Dearbhú nach bhfuil Feithicil ar Bóthar?

C1. CONAS IS FÉIDIR LIOM A DHEARBHÚ NACH BHFUIL M'FHEITHICIL AR BÓTHAR?

F1. Mura bhfuil d'fheithicil le bheith in úsáid, agus mura mbeidh sí á coinneáil in áit phoiblí, is féidir leat a dhearbhú nach bhfuil sí ar bóthar ach [Foirm RF150 \(i mBéarla amháin\)](#) a chomhlánú agus a chur isteach chuig d'oifig mótarchánach áitiúil. [Is féidir Foirm RF150 a íoslódáil \(i mBéarla amháin\) |](#) ón láithreán gréasáin seo, [Mótarcháin Ar Líne](#) (link is external), nó ó láithreán gréasáin an údaráis áitiúil. Tá sí ar fáil chomh maith ó d'oifig mótarchánach áitiúil, ó Stáisiún Gardaí, ón Leabharlann nó ón Ionad Eolais do Shaoránaigh.

De rogha air sin, is féidir leat a dhearbhú nach bhfuil d'fheithicil ar bóthar ag [Mótarcháin Ar Líne](#) (link is external) ag baint úsáide as an UAP a eisíodh ort le d'fhógra athnuachana.

C2. MURA BHFUIL M'FHEITHICIL IN ÚSÁID, AN BHFUIL GÁ DOM A DHEARBHÚ NACH BHFUIL SÍ AR BÓTHAR?

F2. Ní mór duit do dhearbhú nach bhfuil d'fheithicil ar bóthar a bheith déanta agat roimh ré. Ní mór an dearbhú a dhéanamh i mí éaga do dhiosca mótarchánach reatha. Gheobhaidh gach iarratas atá comhlánaithe i gceart deimhniú ar an idirbheart, tríd an bpost nó ar an láthair má chuireann an duine féin an dearbhú faoi bhráid na hoifige mótarchánach áitiúla.

C3. AN FÉIDIR LIOM É A DHÉANAMH TAR ÉIS DON CHÁIN DUL IN ÉAG?

F3. Ní féidir. Caithfear é a dhéanamh roimh ré. Má tá riaráistí mótarchánach dlite, ní mór iad sin a íoc ina n-iomláine agus mótarcháin a bheith íoctha ar feadh ar a laghad 3 mhí sula bhféadfar dearbhú um neamh-úsáid a dhéanamh. Féach C14 thíos, áfach, i ndáil le feithicilí a ceannaíodh le déanaí (nua nó athlámhe).

C4. CAD A THARLAÍONN MÁ SHEOLAIM AN DEARBHÚ TAR ÉIS DON CHÁIN DUL IN ÉAG?

F4. Seolfar ar ais chugat é, agus cuirfear in iúl duit go bhfuil tú faoi dhliteanas cáin a bheith agat ar an bhfeithicil ar feadh 3 mhí ar a laghad sular féidir dearbhú um neamh-úsáid a dhéanamh. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, má tá tú ag seoladh

dearbhú sa phost, go seolann tú é tráth dóthanach roimh ré le go bhfaighidh d'oifig mótarachánach áitiúil é.

C5. AN GÁ GO NDÉANFAÍ É A FHIANÚ I STÁISIÚN GARDAÍ?

F5. Ní gá - níl aon riachtanas ann an fhoirm a fhianú ag Stáisiún Gardaí.

C6. AN MBEIDH ORM AN FÁTH NACH BHFUIL AN FHEITHICIL AR BÓTHAR A MHÍNIÚ NÓ FIANAISE A THABHAIRT?

F6. Ní bheidh. Ní iarrfar an fáth nach mbeidh an fheithicil in úsáid a mhíniú ná aon fhianaise dhoiciméadach a thabhairt. D'fhéadfaí fíneáil agus pianbhreith príosúnachta a ghearradh, áfach, ar chiontú sa chás go dtugtar dearbhú um mí-úsáid atá bréagach nó míthreorach, chomh maith le pionóis atá ann cheana a bhaineann le neamhthaispeáint diosca mótarachánach bailí.

C7. AN MBEIDH ORM TÁILLE RIARACHÁIN A ÍOC CHUN A DHEARBHÚ NACH BHFUIL M'FHEITHICIL AR BÓTHAR?

F7. Ní bheidh.

C8. CÁ FHAD IS FÉIDIR LIOM A DHEARBHÚ NACH BHFUIL M'FHEITHICIL AR BÓTHAR?

F8. Is í an íostréimhse ná trí mhí féilire, is í a uastréimhse ná dhá mhí dhéag féilire i.e. ní féidir leat a dhearbhú nach bhfuil an fheithicil ar bóthar ar feadh míosa ná dhá mhí. I gcás míonna iomlán féilire is féidir dearbhú a thabhairt, ag tosú ar an gcéad lá de mhí agus ag críochnú ar an lá deiridh de mhí.

C9. AN EISÍTEAR FÓGRAÍ ATHNUACHANA I RITH MHÍ DHEIRIDH NA TRÉIMHSE A SHONRAÍTEAR LE LINN AN DEARBHAITHE?

F9. Eisítear - Eisíonn an Rannán Seirbhísí Ríomhaireachta Ceadúnaithe Feithiclí agus Tiománaithe de chuid na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt fógraí athnuachana go luath i mí dheiridh na tréimhse a shonraítear sa dearbhú.

C10. CAD A DHÉANFAIDH MÉ MURA MIAN LIOM M'FHEITHICIL A CHUR AR BÓTHAR AR FEADH TRÉIMHSE NÍOS FAIDE?

F10. Sa mhí roimh dheireadh na tréimhse a shonraítear i do chéad dearbhú, is féidir leat dearbhú nua a dhéanamh go ceann idir trí mhí agus 12 mhí eile. Is féidir é seo a dhéanamh an athuair chomh fada is nach bhfuil sé ar intinn agat an fheithicil a chur ar bóthar.

C11. CAD A DHÉANFAIDH MÉ MÁ THEASTAÍONN UAIM M'FHEITHICIL A CHUR AR AIS AR AN MBÓTHAR SULA RACHAIDH AN TRÉIMHSE A SHONRAÍTEAR SA DEARBHÚ IN ÉAG?

F11. Féadfaidh tú an dearbhú a chur ar ceal am ar bith trí do cháin a athnuachan i d'oifig mótarachánach áitiúil - cuirfear tús le bailíocht an diosca cánach ón gcéad lá den mhí ina gcuireann tú cáin ar an bhfeithicil.

C12. CAD A THARLAÍONN MÁ DHÍOLAIM AN CARR SULA RACHAIDH AN DEARBHÚ IN ÉAG?

F12. Déanfar an dearbhú a chur ar ceal go huathoibríoch amhail agus ón dáta díolacháin.

C13. AN FÉIDIR LIOM AN DEARBHÚ A AISTRIÚ MÁ DHÍOLAIM FEITHICIL AMHÁIN AGUS MÁ CHEANNAÍM CEANN EILE?

F13. Ní féidir, ní mór duit dearbhú nua a dhéanamh i leith na feithicle atá á ceannach. Ní mór an dearbhú a dhéanamh chuig d'oifig mótarachánach áitiúil laistigh de lá is fiche ón dáta díolacháin.

C14. TÁIM I NDIAIDH FEITHICIL A CHEANNACH - CONAS IS FÉIDIR LIOM DEARBHÚ A DHÉANAMH NACH BHFUIL RÚN AGAM Í A CHUR AR BÓTHAR GO CEANN TAMAILL?

F14. Má tá tú díreach i ndiaidh feithicil nua a cheannach nó díreach i ndiaidh ceann athláimhe a fháil agus gan é ar intinn agat í a úsáid láithreach, tá lá is fiche agat ón dáta ceannacháin (mar a shonraítear i ndoiciméad clárúcháin nó i bhfógra aistriú úinéireachta na feithicle) chun dearbhú um neamh-úsáid a thabhairt. Sa chás sin, cuirfear tús leis an dearbhú ón gcéad lá den mhí ina ndéantar an díolachán, nó ón gcéad lá den mhí ina gcláraítear an fheithicil i gcás feithicilí nua.

Déan cinnte go bhfuil sé curtha in iúl agat don díoltóir go bhfuil sé ar intinn agat a dhearbhú nach mbeidh an fheithicil ar bóthar agus nach mór dó nó di a chinntiú go

gcuirtear an t-athrú úinéireachta in iúl don Chomhad Feithiclí agus Tiománaithe Náisiúnta chomh luath agus is féidir.

C15. CAD A THARLAÍONN MÁ TÁ NCT DLITE FAD ATÁ MO CHARR DEN BHÓTHAR?

F15. Is féidir feithicil a úsáid le linn na tréimhse dhearbhu um neamh-úsáid in dhá chás:

- chun í a thabhairt chuig ionad tástála don tástáil agus ón ionad tástála; nó
- chun í a thabhairt chun í a dheisiú i ndiaidh atástála, nó ar ais go dtí an áit a bhfuil tú á coinneáil fad nach bhfuil sí ar bóthar i ndiaidh na ndeisiúchán. Ní féidir an rogha sin a úsáid ach amháin sa chás go bhfuil coinne déanta cheana féin le haghaidh atástála.

Tá feidhm ag na rialacha céanna i gcás tástáil ródacmhainneachta d'feithiclí tráchtála.

Má tá tú ag tabhairt na feithicil chuig ionad tástála nó chun a deisithe nó óna deisiú tar éis di tástáil a theip, bheadh sé inmholta cóip de choinne na tástála nó atástála a bheith agat.

C16. AN FÉIDIR LIOM AN FHEITHICIL A CHOINNEÁIL PÁIRCEÁILTE IN ÁIT PHOIBLÍ TAR ÉIS DOM DEARBHÚ A DHÉANAMH NACH BHFUIL M'FHEITHICIL AR BÓTHAR?

F16. Ní féidir. Ní féidir leat an feithicil seo a choinneáil ná a úsáid in áit phoiblí má tá dearbhú nach bhfuil sí ar bóthar i bhfeidhm i ndáil leis an bhfeithicil. Ní ceart an feithicil a bheith ar bóthar ná í a choinneáil in áit phoiblí d'fhonn dliteanas i leith mótarchánach a sheachaint (chomh maith le pionóis maidir le neamh-íoc mótarchánach agus le dearbhú um mí-úsáid atá bréagach).

C17. AN FÉIDIR LIOM AISÍOCAÍOCHT A FHÁIL MÁ S GÁ DOM FEITHICIL A BHFUIL CÁIN UIRTHI A BHAINTE DEN BHÓTHAR?

F17. Ní féidir ach amháin sa chás ina gcáilíonn tú d'aisíocaíocht faoi na rialacha atá ann. Áirítear orthu sin, gur goideadh an feithicil agus nach bhfuarthas ar ais í, í a bheith briste le haghaidh dramh-mhiotail nó onnmhairithe go buan, nó má tá tú á coinneáil den bhóthar mar gheall ar chúiseanna breoiteachta, mar gheall ar asláithreacht ón Stát ar chúiseanna gnó nó oideachais nó mar gheall ar fhónamh thar lear leis na Fórsaí Cosanta. I ngach ceann de na cásanna sin, ní mór ar a laghad trí mhí a bheith fanta ar an diosca.

C18. CAD A THARLÓIDH MÁ TÁ MÉ I DTEIDEAL AISÍOCAÍOCHTA?

F18. Ní bheidh ort ach foirm amháin RF 120 - Iarratas ar Aisíocaíocht ar Mhótarcháin - a chomhlánú chun aisíocaíocht a fháil. Ní bheidh ort dearbhú um neamh-úsáid ar leith a chomhlánú chun an tréimhse i ndáil leis an aisíocaíocht a tugadh a chlúdach. Mura bhfuil an fheithicil ar bóthar agat áfach ar feadh tréimhse tar éis dháta éaga an diosca, beidh ort Foirm RF150 a chomhlánú agus a chur isteach an mhí roimh thús na tréimhse sin.

C19. MÁ TÁ RIARÁISTÍ LE N-ÍOC AGAM, AN FÉIDIR LIOM DEARBHÚ A DHÉANAMH?

F19. Ní féidir, ní bheidh cead agat dearbhú a dhéanamh nach bhfuil an fheithicil ar bóthar má tá riaráistí le n-íoc - caithfear na riaráistí a íoc agus cáin a íoc ar feadh tréimhse trí mhí ar a laghad sular féidir dearbhú a dhéanamh nach bhfuil an fheithicil ar bóthar.

C20. TA M'FHEITHICIL DÍOLMHAITHE Ó MHÓTARCHÁIN - AN GCAITHFIDH MÉ DEARBHÚ A DHÉANAMH?

F20. Caithfidh, d'fhonn taifead d'fheithicle a choinneáil cothrom le dáta.